

Robert Mugabe

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dheireadh ré Robert Mugabe. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis?



1. Feisirí	a) <i>dismiss someone</i>
2. duine a dhíbirt	b) <i>retire, stand down</i>
3. bata is bóthar a thabhairt do dhuine	c) <i>rule of law</i>
4. aitheasc teilifíse	d) <i>Members of Parliament</i>
5. réimeas	e) <i>television address</i>
6. éirí as	f) <i>reign, regime</i>
7. sprioc	g) <i>suppress</i>
8. cuir faoi chois	h) <i>banish someone</i>
9. bain rud amach	i) <i>succeed someone</i>
10. forlámhas an dlí	j) <i>aim, objective</i>
11. tar i gcomharbacht ar dhuine	k) <i>achieve something</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Níor éirigh Robert Mugabe as faoin spriocdháta a leag a Pháirtí síos dó.
2. De réir na tuairisce, bhí áthas ar dhaoine áirithe nuair nár fhógair Robert Mugabe go n-éireodh sé as.

3. Tá an tAthair Mac Aodha an-dóchasach go dtiocfaidh athruithe móra polaitiúla sa tír nuair nach mbeidh Mugabe i gceannas ar an tír.
4. Tá Robert Mugabe 93 bliain d'aois.
5. Tá Robert Mugabe ina Uachtarán ar an tSiombáib ón gcogadh cathartha.
6. Tháinig borradh mór ar an eacnamaíocht le linn réimeas Mugabe.
7. D'éirigh Robert Mugabe as ó craoladh an tuairisc.

Ceist 3

Bain úsáid as na focail thíos ó **Cheist 1** chun cur síos ó bhéal a thabhairt faoin tuairisc don duine in aice leat.

- Feisirí
- duine a dhíbirt
- bata is bóthar a thabhairt do dhuine
- aitheasc teilifíse
- réimeas
- éirí as
- sprioc
- cuir faoi chois
- bain rud amach
- forlámhas an dlí
- tar i gcomharbacht ar

Ceist 4

Na haimsirí

1. Cad iad na haimsirí ar fad atá le cloisteáil sa mhír?
2. Tabhair sampla amháin i ngach cás.

Ceist 5

'...*faoi bhealaí*...'

de, do, roimh, faoi, ó, thar

De ghnáth, cuireann na réamhfhocail shimplí thuas séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad.

Cuir Gaeilge ar na habairtí thíos anois.

- *The work was finished before the end of the day.*
- *I passed Pól on the road.*
- *I took the money from Máire and gave it to Ciarán.*
- *I saw a dog under the man's coat.*
- *I walked from Cluain Tarbh to the city centre.*

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a dhéanfa cur síos ar dheachtóir?
2. Cé hé nó cé hí an deachtóir is measa i stair an domhain, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
d	h	a	e	f	b	j	g	k	c	i

Ceist 2

1. Fíor.
2. Bréagach. Bhí díomá ar go leor daoine nuair nár éirigh sé as.
3. Bréagach. Ní dóigh leis go n-athróidh aon ní má dhíbrítear Mugabe as oifig.
4. Fíor.
5. Bréagach. Tá sé ina Uachtarán ó bhain an tír neamhspleáchas amach in 1980.
6. Bréagach. Cuirtear ina leith gur scrios sé an geilleagar.
7. Fíor.

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an mír sula bpléifidh tú féin iad os comhair an ranga ar fad.

Ceist 4

Na haimsirí:

- An aimsir láithreach – meastar
- An aimsir chaite – bhí súil go mór
- An aimsir fháistineach – go rachaidh
- An modh coinníollach – go n-éireodh

Ceist 5

- Bhí an obair críochnaithe roimh dheireadh an lae.
- Chuaigh mé thar Phól ar an mbóthar.
- Bhain mé an t-airgead de Mháire agus thug mé do Chiarán é.
- Chonaic mé madra faoi chóta an fhir.
- Shiúil mé ó Chluain Tarbh go dtí lár na cathrach.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear, tá Feisirí Parlaiminte an Pháirtí Zanu-PF, atá i gceannas sa tSiombáib, i mbun comhráite faoi bhealaí leis an Uachtarán Robert Mugabe a dhíbirt as oifig. Rinne Robert Mugabe neamhaird ar sprioc a leag an Páirtí síos dó – a bheith imithe faoin lá inniu. Meastar go bhféadfaí bata agus bóthar a thabhairt don Uachtarán Mugabe arú amárach.

Peadar Mac Gaoithín

Bhí súil go mór go bhfógródh Robert Mugabe go n-éireodh sé as mar Uachtarán ar an tSiombáib le linn an aithisc teilifíse seo inné. Ach bhí díomá orthu siúd a bhí ag fanacht go mór le deireadh a fheiceáil lena réimeas, le beagnach dhá scór bliain i gceannas ar an tír, agus é tugtha le fios ag Mugabe go raibh sé ag fanacht tamall eile.

Thug Zanu-PF, an Páirtí ar a raibh sé i gceannas, go dtí a deich a chlog ar maidin, am na hÉireann, dó inniu le fógra a dhéanamh go raibh sé le héirí as. Ba léir go luath nach mbainfí an sprioc sin amach ar maidin. Agus tá tús á chur anois le próiseas leis an Uachtarán Mugabe a dhíbirt as oifig.

Chaith an tAthair Lomán Mac Aodha ceithre bliana ag obair sa tSiombáib.

An tAthair Lomán Mac Aodha, Ord na bProinsiasach

Bhí an pobal curtha faoi chois, bhí an *secret police* i ngach aon áit. Ní fhéadfadh duine an béal a oscailt. Sin mar a bhí agus tá (sé mar) sin le blianta. Ach an dream atá tar éis an sórt ... é a chur as, bhíodar¹ ... ar a chúl ag an am sin agus bhíodar ar son² Mugabe go dtí anois. So, ní fhéadfainn a bheith ag súil go mbeidh siad mórán difriúil.

Peadar Mac Gaoithín

Nócha a trí bliain d'aois atá Mugabe anois agus tá sé i gceannas ar an tSiombáib ó bhain an tír neamhspleáchas ón Bhreatain³ amach in 1980. Meastar go rachaidh an rún le hé a dhíbirt os comhair Parlaiminte amárach, agus tuairiscítear go bhféadfadh sé a bheith imithe faoin Chéadaoin⁴. Tá sé curtha i leith Mugabe gur léirigh sé dímheas ar fhorlámhas⁵ an dlí agus gur scrios sé an geilleagar. Agus cuirtear ina leith gur lig sé dá bhean cumhacht bhunreachtúil a ghabháil chuici féin nuair nach raibh aon cheart aici é seo a dhéanamh. Measadh go bhféadfadh Grace Mugabe teacht i gcomharbacht ar a fear céile sula ndearna an t-arm idirghabháil an tseachtain seo a chuaigh thart.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4

¹ *bhí siad* an leagan caighdeánach

² *ar shon* a dúradh

³ Córas Uladh

⁴ Córas Uladh

⁵ *d'fhorlámhas* a dúradh